

TONNA EORNAN A D'FHÁS AR AN GCLOCH SÍL.

Bhí os cionn leath-acra sa ngarrdha a chur ag comharsain dom athar agus ní raibh aige ach cloch shíl. Badh é m'athair a chraith an síol. Chraith sí an síol tanaidhe ag iarraidh an talamh a thabhairt leis nuair nach raibh innte ach an méid sin. Bhí chuile cheann de na gráinneacha troigh ó chéile. Nuair a tháinig an geamhar aníos bhí na seamaidí troigh ó chéile ar dtús. Thosuigh sí annsin a cairriú amach go raibh sí i ndrás nuair a bhí sí dá bhaint ní raibh ar an talamh ach í a chur treasna ar a chéile. Nuair a buaileadh í bhí fiche céad ar an gcloch shíl. Chonnaic m'athair é sin. Badh é a chraith an síol.